SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Spórt Éireann Infheistíocht sa Spórt Ardfheidhmíochta, 2026



# SCÉAL NA mBONN, **2025**

**127** LÍON IOMLÁN NA mBONN ARDFHEIDHMÍOCHTA

39 | 33 | 55

**48** BONN SINSEARACH

17 ÓR, 13 AIRGEAD, 18 CRÉ-UMHA




**79** BONN NEAMH-SHINSEARACH

22 ÓR, 20 AIRGEAD, 37 CRÉ-UMHA




## BOINN ARDFHEIDHMÍOCHTA - MIONDEALÚ INSCNE

| 62 | 56 | 9 |
|---|---|---|
| DO MHNÁ | D'FHIR | OSCAILTE/ MEASCTHA |

# Infheistíocht sa Spórt Ardfheidhmíochta

## Is léiriú é infheistíocht Spórt Éireann sa spórt Ardfheidhmíochta ar a thiomantas don sármhaitheas, trína chinntiú go mbeidh an tacaíocht, na hacmhainní agus an timpeallacht ag lúthchleasaithe agus foirne na hÉireann le go mbainfidh siad rath amach go hidirnáisiúnta.

Trí mhaoiniú spriocdhírithe, cóitseáil ó shaineolaithe agus seirbhísí den chéad scoth chun tacú le feidhmíocht, tá sé mar aidhm ag Spórt Éireann tacú le Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) timpeallacht a chruthú ina bhféadfaidh lúthchleasaithe a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Rinneadh an infheistíocht ardfheidhmíochta is mó riamh - €89m - ar fud Thimthriall Pháras (2021-2024), méadú suntasach (~51%) ar an €59m a infheistíodh le haghaidh Thimthriall Thóiceo (2017-2020). Sa chéad bhliain de Thimthriall Los Angeles (2025-2028), d'infheistigh Spórt Éireann beagnach €27m sa Spórt Ardfheidhmíochta (€4.2m in Institiúid Spórt Éireann).



# Infheistíocht sa Spórt Ardfheidhmíochta 2026

Is bliain thábhachtach í seo do Spórt Éireann agus don chóras ardfheidhmíochta i gcoitinne, ós rud é gurb í lárphointe na Straitéise (2021–2032) agus garsprioc thábhachtach san aistear chuig na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha in Los Angeles, 2028. Is é seo an t-am chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn mór atá déanta go dtí seo; ar na córais neartaithe, na tacaí feabhasaithe do lúthchleasaithe, agus ar an rath idirnáisiúnta atá bainte amach go leanúnach. Is é an t-am freisin chun díriú ar bhealach níos géire ar na deiseanna amach romhainn. Tá Spórt Éireann tiomanta do chóras ardfheidhmíochta na hÉireann a fhorbairt trí chur lenár n-infheistíocht i ndaoine agus i gcláir.

In 2026, infheisteoidh Spórt Éireann €28.5m sa spórt ardfheidhmíochta. Úsáidfear an maoiniú seo, go príomha, chun tacú le CNRanna a gCláir Ardfheidhmíochta a chur i gcrích trí chóitseáil den scoth, seirbhísí tacaíochta agus rochtain ar champaí traenála agus comórtais. Díreoidh Spórt Éireann a chuid infheistíochta ar nuálaíocht, ar fhorbairt chonairí agus ar thacaí níos fearr do lúthchleasaithe freisin.

De réir chuspóirí na Straitéise Ardfheidhmíochta, féachann Spórt Éireann le tacú leis na CNRanna a bhaineann torthaí amach ar bhonn inbhuanaithe agus córasach. Is iad prionsabail na CNRanna atá mar bhonn agus taca leis na torthaí sin ná a gcuid spórt a fheabhsú agus a fhás trí cheannaireacht ó shaineolaithe, cinnteoireacht thrédhearcach agus cultúr láidir dea-rialachais agus dea-chuntasachta.

Tá achoimre ar infheistíocht Spórt Éireann sa spórt ardfheidhmíochta sna sruthanna maoinithe go léir in 2025 agus in 2026 sa tábla thíos.

| | Infheistíocht in 2025 | Infheistíocht Bheartaithe 2026 |
|---|---|---|
| Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta | €12,705,000 | €13,350,000 |
| Maoiniú do Chláir Forbartha Feidhmíochta | €994,590 | €1,000,000 |
| Maoiniú Díreach do Lúthchleasaithe | €4,424,352 | €4,750,000 |
| Scéim Phroifisiúnta Aontas Gailf na hÉireann | €350,000 | €375,000 |
| Cóitseáil Ardfheidhmíochta | €1,500,000 | €1,600,000 |
| Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann | €650,000 | €750,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | €700,000 | €800,000 |
| Conairí Feidhmíochta | €442,970 | €600,000 |
| Nuálaíocht san Ardfheidhmíocht | €165,569 | €300,000 |
| Cultúr agus Ionracas Ardfheidhmíochta | €250,000 | €325,000 |
| Cur chun Feidhme Straitéise agus Teagmhasacht | €303,738 | €300,000 |
| Institiúid Spórt Éireann | €4,200,000 | €4,350,000 |
| **Iomlán** | **€26,686,219** | **€28,500,000** |

# Maoiniú do Chláir Ardfheidhmíochta 2026

Déanann Spórt Éireann Maoiniú do Chláir Ardfheidhmíochta a infheistiú go díreach in CNRanna. Is é cuspóir an mhaoinithe tacú le hoibríochtaí agus le soláthar Chláir Ardfheidhmíochta CNRanna, lena n-áirítear ceannaireacht straitéiseach, cóitseáil, seirbhísí tacaíochta, timpeallachtaí traenála laethúla, campaí agus comórtais. Is é Maoiniú do Chláir Ardfheidhmíochta an príomhshásra maoinithe do CNRanna is mian leo a bpleananna agus a gcláir a sholáthar. Cuirfidh Spórt Éireann méadú 5% ar mhaoiniú ar fáil do gach ceann de na 16 Chlár Ardfheidhmíochta in 2026, mar a shonraítear thíos.

| An Foras a fuair Maoiniú | Infheistíocht in 2025 | Infheistíocht in 2026 | Infheistíocht 2025-2028 |
|---|---|---|---|
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €1,050,000 | €1,103,000 | €4,359,000 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €500,000 | €525,000 | €2,075,000 |
| Cumann Dornálaíochta na hÉireann | €1,050,000 | €1,103,000 | €4,359,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | €475,000 | €500,000 | €1,975,000 |
| Cruicéad Éireann | €600,000 | €630,000 | €2,490,000 |
| Rothaíocht Éireann | €725,000 | €762,000 | €3,011,000 |
| Aontas Gailf na hÉireann | €650,000 | €683,000 | €2,699,000 |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €725,000 | €762,000 | €3,011,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €950,000 | €998,000 | €3,944,000 |
| Eachspórt Éireann | €900,000 | €945,000 | €3,735,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €600,000 | €630,000 | €2,490,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €1,000,000 | €1,050,000 | €4,150,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann* | €1,000,000 | €1,050,000 | €4,150,000 |
| Rámhaíocht Éireann | €1,100,000 | €1,155,000 | €4,565,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €1,100,000 | €1,155,000 | €4,565,000 |
| Trí-atlan Éireann | €280,000 | €294,000 | €1,162,000 |
| **Líon iomlán** | **€12,705,000** | **€13,345,000** | **€52,740,000** |

*Lena leithdháileadh de réir thionscadal aistrithe Chumann Parailimpeach na hÉireann.





# Maoiniú do Chláir Forbartha Feidhmíochta 2026

In 2025, bhunaigh Spórt Éireann Maoiniú do Chláir Forbartha Feidhmíochta. Bhí an clár sonrach sin dírithe ar CNRanna ar cuireadh deireadh le Maoiniú do Chláir Forbartha Feidhmíochta ina leith, nó a ainmníodh mar chláir a raibh de mhianaidhm acu maoiniú a fháil nó a bhí á bhforbairt chun maoiniú a fháil i dTimthriallta/Cluichí amach anseo. Faoin scéim seo, ceadaítear do CNRanna tacaíocht a fháil atá dírithe ar a riachtanais faoi leith, agus a léiríonn a gcéimeanna forbartha faoi seach freisin. Gheobhaidh naoi CNR tacaíocht faoin scéim seo in 2026.

| An Foras a fuair Maoiniú | Leithdháileadh in 2026 |
|---|---|
| Cumann Cispheile na hÉireann | €200,000 |
| Cumann Júdó na hÉireann | €200,000 |
| Peantatlan Éireann: | €150,000 |
| Scuais Éireann | €80,000 |
| Cumann Tógála Meáchan na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann | €45,000 |
| Cumann Surfála na hÉireann | €45,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | €45,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | € 20,000 |



# 2026 Croímhaoiniú Ardfheidhmíochta

Tacaíonn infheistíocht Spórt Éireann i gCónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus i gCumann Parailimpeach na hÉireann le hoibríochtaí an dá eagraíocht agus díríonn sí go háirithe ar phleanáil do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha agus do pháirt a ghlacadh iontu. Ina theannta sin, tá infheistíocht Spórt Éireann i gCónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus i gCumann Parailimpeach na hÉireann mar bhonn agus taca le pleanáil agus comhoibriú fadtéarmach ar fud an chórais ardfheidhmíochta. Tríd an gcur chuige comhpháirtíochta seo, cabhraíonn Spórt Éireann le hacmhainneacht na hÉireann ar an ardán domhanda a uasmhéadú agus córas spóirt aontaithe agus ardfheidhmíochta a chothú ag an am céanna.

Is príomhchuspóir straitéiseach do Chumann Parailimpeach na hÉireann é freagracht as dhá phara-spórt thábhachtacha a aistriú chuig a CNRanna faoi seach. Aistreofar para-snámh agus para-lúthchleasaíocht chuig Cumann Snámha na hÉireann agus Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann faoi seach in 2026. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige seo na para-disciplíní a chomhtháthú go hiomlán laistigh dá CNRanna, agus conairí feidhmíochta níos ailínithe, níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe a chruthú do lúthchleasaithe. Tréimhse aistrithe thábhachtach a bheidh ann i mbliana do na spóirt sin agus tá Spórt Éireann tiomanta do rath an tionscadail seo a bhfuil tábhacht straitéiseach leis. Sa bhreis ar an infheistíocht a shonraítear sa tábla thíos, cuirfidh Spórt Éireann maoiniú breise chomh hard le €500,000 ar fáil do Chumann Parailimpeach na hÉireann trí na cláir mhaoinithe ardfheidhmíochta éagsúla, lena n-áirítear nuálaíocht, tacaíochtaí díreacha do lúthchleasaithe, cóitseáil agus conairí.

Sonraítear sa tábla thíos infheistíocht Spórt Éireann sa dá eagraíocht sin.

| An Foras a fuair Maoiniú | Leithdháileadh in 2025 | Leithdháileadh in 2026 |
|---|---|---|
| Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann | €650,000 | €750,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | €700,000 | €800,000 |






# Tosaíochtaí Straitéiseacha 2026



In 2026, leanfaidh Spórt Éireann de thosaíocht a thabhairt d'infheistíocht i bpríomhréimsí straitéiseacha atá mar bhonn agus taca leis an rath fadtéarmach sa spórt ardfheidhmíochta, agus díreoidh sé go háirithe ar nuálaíocht, forbairt chonairí agus cóitseáil. Aithníonn Spórt Éireann go gcabhróidh infheistíocht spriocdhírithe sna réimsí tosaíochta sin le córas ardfheidhmíochta níos comhtháite agus níos comhsheasmhaí a fhorbairt, córas a bheidh in ann torthaí leanúnacha a bhaint amach ar an ardán domhanda.

## Cóitseáil Ardfheidhmíochta

Méadófar infheistíocht faoi Chóitseáil Ardfheidhmíochta ó €1.5m in 2025 go dtí €1.6m in 2026. Bhí Spórt Éireann i gceannas ar fheabhsúcháin i réimse na cóitseála ardfheidhmíochta agus tá dul chun cinn mór déanta aige maidir le dul i ngleic leis na dúshláin atá ann. Thacaigh Spórt Éireann leis na dúshláin earcaíochta inár gCláir Ardfheidhmíochta agus chinntigh sé go gcuirtear clár tacaíochta agus forbartha ar fáil do gach cóitseálaí a earcaítear le go gcomhlíonfaidh siad an dianriachtanas cumais a iarrtar ar chóitseálaithe ardfheidhmíochta. Gnéithe lárnacha dár gcuid oibre iad meantóireacht agus oiliúint, agus dírítear ar chóitseálaithe atá ag ullmhú do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha in Los Angeles (2028) agus in Brisbane (2032), agus ar chóitseálaithe a stiúrann ár gCláir Chonaire.

Tá CNRanna tar éis a bheith an-rannpháirteach in iarrachtaí Spórt Éireann sa chóitseáil ardfheidhmíochta agus leanfaimid de thosaíocht a thabhairt don obair sa réimse seo in 2026. Lenár gClár Cóitseála Ardfheidhmíochta, leanfar de réitigh saincheaptha a chur ar fáil do na dúshláin chóitseála sna Cláir Ardfheidhmíochta, agus coinneofar tacaíocht ar bun trí Chlár Sármhaitheasa Institiúid Spórt Éireann, atá ar siúl ar bhonn leanúnach, tríd an gClár Forbartha Cóitseála & Meantóireachta Conaire Feidhmíochta, agus trí Líonra na mBanchóitseálaithe Ardfheidhmíochta.

## Nuálaíocht san Ardfheidhmíocht

Seoladh an chéad phlean nuálaíochta san ardfheidhmíochta de chuid Spórt Éireann go foirmiúil in 2025, agus bhí buiséad tiomnaithe aige chun tacú le CNRanna ardfheidhmíochta lena dtionscadail nuálaíochta faoi seach. Tar éis phróiseas iarratais dhá chéim, cuireadh tacaíocht airgeadais díreach ar fáil do cheithre thionscadal shaincheaptha (táthar ag tacú le tionscadal eile le saineolas inmheánach ón Aonad Taighde agus Nuálaíochta, ón Aonad Ardfheidhmíochta agus ó Institiúid Spórt Éireann). Ba iad na ceithre thionscadail ar tugadh maoiniú dóibh ná Cumann Seoltóireachta na hÉireann (Uasghráduithe ar Ionstraimíocht Ghaoithe agus Líne Euclid), Rothaíocht Éireann (An Tionscadal Teiliméadrachta Raonrothaíochta), Cumann Gleacaíochta na hÉireann (Innovate to Elevate) agus Rámhaíocht Éireann (Tionscadal 1500). Infheistíodh beagnach €166k iontu. Ba é an cúigiú tionscadal (nach bhfuair maoiniú ach ar tugadh tacaíocht dhíreach inmheánach dó) ná Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann (Tairseach um Léargais Oirbheartaíocha), ar baineadh leas dearfach as ag Craobhchomórtais Lúthchleasaíochta Domhanda 2025 i dTóiceo.

Anuas ar na tionscadail ar tugadh tacaíocht dóibh, cruthaíodh líonra nuálaíochta ardfheidhmíochta chun deis a thabhairt do CNRanna, eintitis tríú-pháirtí agus saineolaithe nuálaíochta/taighde idirphlé a dhéanamh i dteannta a chéile agus faisnéis a roinnt eatarthu. Tá Spórt Éireann ag obair le roinnt CNRanna chun tacú lena dtionscadail nuálaíochta in 2026.

### Forbairt Chonairí

Tá forbairt chonairí ar cheann de na gnéithe de na trí cholún straitéiseacha i Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann ('Infheistíocht Dhírithe ar Fheidhmíocht', 'Feidhmíocht Lúthchleasaithe agus Tacaíocht Iomlanaíoch' agus 'Comhpháirtíochtaí'). In 2025, cuireadh buiséad sonrach ar leataobh le haghaidh tionscadal/tionscnamh conairí. Chuir Spórt Éireann tacaíocht airgeadais ar fáil do 12 thionscadal/thionscnamh a bhí dírithe ar chonairí i rith na bliana. Cuireadh teorainn de €50,000 ar infheistíocht Spórt Éireann in aon tionscadal/ tionscnamh amháin, agus bhí ar na CNRanna acmhainní breise a chur ar fáil chun an leas ab fhearr a bhaint as na deiseanna a bhain leis an gclár píolótach seo.

Bunaithe ar mheastóireacht ar an scéim phíolótach um maoiniú conaire, dealraítear go raibh tionchar ag an tacaíocht i dtrí phríomhréimse: 1) an córas conaire a neartú (m.sh. acmhainneacht cóitseála); 2) deiseanna do lúthchleasaithe agus dul chun cinn lúthchleasaithe (m.sh. taithí ar chomórtais idirnáisiúnta); agus 3) an córas ardfheidhmíochta a fhorbairt (m.sh. soláthar eolaíochtaí spóirt). Díreoimid ar an scéim um maoiniú conaire seo a choinneáil ar bun agus a fheabhsú in 2026.

### Athbhreithniú ar Thimthriall Pháras

In 2024, choimisiúnaigh Spórt Éireann Portas Consulting (ar a dtugtar CAA Portas anois) chun an chéad athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an gcóras ardfheidhmíochta. Cé go bhfuil athbhreithnithe déanta gach ceithre bliana ó Chluichí na hAithne in 2000, cuimsíodh an córas agus na Cluichí leo. Ós rud é go bhfuil fás agus aibíocht tagtha ar an gcóras ardfheidhmíochta le deich mbliana anuas, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcóras ar a bhfiúntas féin anois.

Tugadh an t-athbhreithniú chun críche roimh Chluichí Pháras agus úsáideadh na seacht gcolún straitéiseacha i Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032) mar chreat treorach dó. Bhí príomhpháirtithe leasmhara ón gcóras ardfheidhmíochta páirteach san athbhreithniú, ina measc CNRanna agus lúthchleasaithe, Spórt Éireann, Institiúid Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Institiúid Spórt Thuaisceart Éireann, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann agus an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Rinneadh 20 moladh a bhí dírithe ar an gcóras, agus tá siad le cur i bhfeidhm le linn Thimthriall Los Angeles (2025-2028). Tar éis na chéad bliana den chur i bhfeidhm, measadh go raibh cúig cinn (25%) de na moltaí 'tugtha chun críche' agus ainmníodh an 15 ceann eile (75%) mar 'fós ar siúl'. Tabharfar nuashonrú ar an dara bliain den chur i bhfeidhm in R4 2026.

Chomh maith leis na moltaí foilsithe a dhírigh ar an gcóras, tugadh sraith moltaí do na 19 CNR a raibh Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta á fháil acu ar feadh Thimthriall Pháras (2021-2024), agus iad bunaithe ar na colúin straitéiseacha sa Straitéis Ardfheidhmíochta (2021-2032) (tugtar ar aird nár foilsíodh na moltaí sin agus go bhfuil siad le húsáid go hinmheánach ag na CNRanna faoi seach agus ag Spórt Éireann). Rinneadh 74 moladh do na 19 CNR, agus cuireadh an chéad nuashonrú foirmiúil ó CNR faoi bhráid Spórt Éireann in R4 2025. Tá aiseolas mionsonraithe curtha ar fáil ag Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann faoi gach nuashonrú agus leanfaidh sé ar aghaidh ag obair leis na CNRanna agus dul chun cinn á dhéanamh acu ar a bpleananna cur chun feidhme in 2026 (agus sa chuid eile de Thimthriall Los Angeles).

# Tacaíocht Dhíreach do Lúthchleasaithe, 2026

| Cláir | 2025 | 2026 |
|---|---|---|
| An Scéim Cardála Idirnáisiúnta | €3,817,000 | €4,150,000 |
| Aistriú Gairmiúil Lúthchleasaithe (ACT) | €239,000 | €150,000 |
| Scéim Maoinithe d'Imreoirí (Haca) | €450,000 | €450,000 |
| Scéim Phroifisiúnta Aontas Gailf na hÉireann | €350,000 | €375,000 |
| **Iomlán** | **€4,508,000** | **€5,125,000** |

Tabhair do d'aire: Áiríonn an figiúr don Scéim Cardála Idirnáisiúnta Leithdháiltí do Lúthchleasaithe Aonair, infheistíocht i Maoiniú Sealaíochta agus Comhthiomsaithe chomh maith le cúlchistí.

### An Scéim Cardála Idirnáisiúnta 2026

Cuireann an Scéim Cardála Idirnáisiúnta tacaíocht airgeadais ar fáil do lúthchleasaithe dá gcláir traenála agus iomaíochta. Is é príomhchuspóir an mhaoinithe seo ná tacú le lúthchleasaithe Éireannacha na cluichí ceannais a bhaint amach agus boinn a bhuachan ag an leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach.

Infheisteoidh Spórt Éireann €4.75 milliún sa Scéim Cardála Idirnáisiúnta agus sa Scéim Maoinithe d'Imreoirí in 2026. Cuimseofar gach gné den Scéim leis an leithdháileadh maoinithe seo, lena n-áirítear 139 lúthchleasaí a fhaigheann maoiniú ar bhonn aonair, naoi CNR a fhaigheann maoiniú sealaíochta/comhthiomsaithe, an Clár um Aistriú Gairmiúil Lúthchleasaithe (ACT), an Scéim Maoinithe d'Imreoirí, agus cúlchistí. As na 139 lúthchleasaí a fhaigheann maoiniú ar bhonn aonair, is mná iad 64 díobh (46%) agus is fir iad 75 díobh (54%). Tugtar tacaíocht do 29 Para-Lúthchleasaí (21% den líon iomlán lúthchleasaithe) tríd an scéim; áirítear leis sin seachtar lúthchleasaithe is píolótaí/treoraithe as Para-Lúthchleasaíocht, Para-Rothaíocht agus Parai-thrí-atlan.

Cuirfidh Spórt Éireann maoiniú ar fáil le haghaidh 2026 ar bhonn aon bhliana amháin. Tabharfar maoiniú ilbhliantúil isteach arís le haghaidh 2027 agus 2028, de réir an chuir chuige a glacadh le linn Thimthriall Tóiceo agus Thimthriall Pháras. Cuireann Institiúid Spórt Éireann seirbhísí den scoth ar fáil do lúthchleasaithe ardfheidhmíochta cardáilte na hÉireann. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gcuireann an tábla maidir le hInfheistíocht Tacaíochta Dhíreach do Lúthchleasaithe in iúl luach iomlán na seirbhísí tacaíochta feidhmíochta a sholáthraíonn Institiúid Spórt Éireann.

### Folláine agus Leas Lúthchleasaithe

Tá athbhreithniú cuimsitheach ar a Bheartas maidir le Leas Lúthchleasaithe déanta ag Spórt Éireann i rith 2025 agus ag tús 2026. Bunaithe ar an bhfaisnéis ón bpróiseas sin, tá creat níos láidre agus níos treoraí forbartha ag Spórt Éireann maidir le leas lúthchleasaithe. Leis an mbeartas nua, cuirtear béim níos mó ar chaighdeáin shoiléire, agus cuntasacht agus maoirseacht shoiléir, lena chinntiú go gcomhlíonann eagraíochtaí sa chóras ardfheidhmíochta ionchais shainmhínithe maidir le lúthchleasaithe a chosaint. Tugann sé dearbhuithe níos fearr do Spórt Éireann trí thuairisciú, monatóireacht agus sásraí comhlíontachta níos láidre, agus treisíonn sé tiomantas uilechórais do chosaint agus folláine lúthchleasaithe agus don dea-chleachtas.

Is clár den scoth é an Clár ACT, a tugadh isteach in 2022, maidir leis an gcúnamh airgeadais agus na seirbhísí a chuireann sé ar fáil do lúthchleasaithe cardáilte nuair a théann siad ar scor. Gealltar do lúthchleasaithe a bhaineann leas as an gClár ACT go bhfaighidh siad 50% dá ndámhachtain reatha ón bpointe a fhágann siad an Scéim Cardála Idirnáisiúnta ar feadh tréimhse ama ar leith. I rith bliain Oilimpeach/Parailimpeach, bronntar an chuid eile de maoiniú na bliana sin ar na lúthchleasaithe agus bronntar 50% de mhaoiniú na bliana dár gcionn orthu freisin. Chuir an Clár ACT tacaíocht ar fáil do 23 lúthchleasaí in 2025.

## Buaicphointí na Scéime Cardála Idirnáisiúnta 2026

**29**
maoiniú ar leibhéal Póidiam bronnta ar lúthchleasaithe

**26**
maoiniú ar leibhéal Den Chéad Scoth bronnta ar lúthchleasaithe

**84**
maoiniú ar leibhéal Idirnáisiúnta bronnta ar lúthchleasaithe

**54%**
FIR

**46%**
MNÁ

**8**
### Rásanna Sealaíochtaí ar bronnadh maoiniú orthu
Tá maoiniú le haghaidh 2026 bronnta ar dhá rás sealaíochta sa Lúthchleasaíocht (4 x 400m Measctha agus 4 x 400m Rás na mBan), agus ar shé rás sealaíochta sa snámh, (Rás Sealaíochta Meascra 400m na mBan, Rás Sealaíochta Saorstíl 400m na mBan, Rás Sealaíochta Saorstíl 800m na mBan, Rás Sealaíochta Meascra 400m na bhFear, Rás Sealaíochta Saorstíl 800m na bhFear agus Rás Sealaíochta Meascra 400m Measctha)

**7**
### Maoiniú comhthiomsaithe spórt a bronnadh chun tacú le lúthchleasaithe sonraithe
Badmantan, Dornálaíocht, Gleacaíocht, Rámhaíocht, Seoltóireacht, Para-spórt agus Trí-atlan

**29**
### Para-lúthchleasaithe ar tugadh maoiniú dóibh
líon is ionann agus 21% den líon iomlán lúthchleasaithe, ina measc seachtar píolótaí/treoraithe ar tugadh tacaíocht dóibh i bPara-Lúthchleasaíocht, Para-Rothaíocht agus Parai-thrí-atlan

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | Katherine O'Connor | Póidiam | €40,000 |
| | Cian Mc Phillips | Póidiam | €40,000 |
| | Rhasidat Adeleke | Póidiam | €40,000 |
| | Sarah Healy | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Nicola Albertina Tuthill | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Sharlene Mawdsley | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Sarah Lavin | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Fionnuala McCormack | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Mark Joseph English | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Andrew Coscoran | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Darragh McElhinney | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Cathal Doyle | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Israel Olatunde | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jack Raftery | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Eric Tyrone Favors Jr | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Sophie Becker | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Brian Joseph Fay | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Luke McCann | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jack O'Leary | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Efrem Gidey | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Peter Lynch | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Sophie O'Sullivan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Nicholas Griggs | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Rásaíocht Sealaíochta Measctha 4x400m | Maoiniú sealaíochta | € 60,000 |
| | Rás Sealaíochta 4x400m na mBan | Maoiniú sealaíochta | € 60,000 |
| **Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann Iomlán** | | | **€689,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Badmantain na hÉireann | Nhat Nguyen | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Rachael Darragh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Paul Reynolds | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Sophia Noble | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Scott Guildea | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Maoiniú Comhthiomsaithe | Maoiniú comhthiomsaithe | €30,000 |
| **Iomlán do Chumann Badmantain na hÉireann** | | | **€127,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Dornálaíochta na hÉireann | Gráinne Walsh | Póidiam | €40,000 |
| | Patsy Joyce | Póidiam | €40,000 |
| | Kellie Harrington | Póidiam | €40,000 |
| | Lisa O Rourke | Póidiam | €40,000 |
| | Aoife O Rourke | Póidiam | €40,000 |
| | Jack Marley | Idirnáisiúnta | €25,000 |
| | Adam Hession | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jude Gallagher | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Kelyn Cassidy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Daina Moorehouse | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Martin McDonagh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Dean Clancy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Michaela Walsh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jennifer Lehane | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Shannon Sweeney | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Niamh Fay | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Maoiniú Comhthiomsaithe | Maoiniú comhthiomsaithe | €80,000 |
| **Iomlán do Chumann Dornálaíochta na hÉireann** | | | **€485,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Aontas Canúála na hÉireann | Liam Jegou | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Noel Hendrick | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Alistair McCreery | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jake Cochrane | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| **Iomlán d'Aontas Canúála na hÉireann** | | | **€79,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Rothaíocht Éireann | Lara Gillespie | Póidiam | €40,000 |
| | Caoimhe O'Brien | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Aoife O'Brien | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Fiona Mangan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Erin Creighton | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Emma Jeffers | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Esther Wong | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Mia Griffin | Idirnáisiúnta | €18,000 |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Rothaíocht Éireann (Para) | Katie-George Dunlevy | Póidiam | €40,000 |
| | Linda Kelly (Píolótach) | Póidiam | €40,000 |
| | Richael Timothy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Mitchell McLaughlin (Píolótach) | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Damien Vereker | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Josephine Healion (Píolótach) | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Harvey Barnes (Píolótach) | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Stephen de Vries | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| **Iomlán do Rothaíocht Éireann** | | | **€354,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | Rhys McClenaghan | Póidiam | €40,000 |
| | Adam Steele | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Eamon Montgomery | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Halle Hilton | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Emma Slevin | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | James Hickey | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Dominick Cunningham | Idirnáisiúnta | €9,000 |
| | Maoiniú Comhthiomsaithe | Maoiniú comhthiomsaithe | €80,000 |
| **Iomlán do Chumann Gleacaíochta na hÉireann** | | | **€219,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann | Jack Fairclough | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Derek Burnett | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| **Iomlán do Chumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann** | | | **€50,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Júdó na hÉireann Cumann | Joshua Green | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Bearach Gleeson | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| **Iomlán do Chumann Júdó na hÉireann** | | | **€36,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann Cumann | Eve McMahon | Póidiam | €40,000 |
| | Robert Dickson | Póidiam | €40,000 |
| | Sean Waddilove | Póidiam | €40,000 |
| | Finn Lynch | Póidiam | €40,000 |
| | Ewan McMahon | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Ellen Barbour | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Erin McIlwaine | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Maoiniú Comhthiomsaithe | Maoiniú comhthiomsaithe | €30,000 |
| **Iomlán do Chumann Seoltóireachta na hÉireann** | | | **€251,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Parailimpeach na hÉireann - Snámh | Róisín Ní Riain | Póidiam | €40,000 |
| | Dearbhaile Brady | Póidiam | €40,000 |
| | Barry McClements | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Deaten Registe | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann - Lúthchleasaíocht | Orla Comerford | Póidiam | €40,000 |
| | Greta Streimikyte | Póidiam | €40,000 |
| | Shauna Bocquet | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Lana Sutton | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Sinead Kane | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | John O'Regan (treoraí) | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | Pacáiste Tacaíochta do Lúthchleasaithe | Maoiniú comhthiomsaithe | €100,000 |
| **Iomlán do Chumann Parailimpeach na hÉireann** | | | **€375,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Rámhaíocht Éireann | Fiona Murtagh | Póidiam | €40,000 |
| | Fintan McCarthy | Póidiam | €40,000 |
| | Philip Doyle | Póidiam | €40,000 |
| | Konan Pazzaia | Póidiam | €40,000 |
| | Daire Lynch | Póidiam | €40,000 |
| | Paul O Donovan | Póidiam | €40,000 |
| | Ross Corrigan | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Nathan Timoney | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Margaret Cremen | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Zoe Hyde | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Natalie Long | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Imogen Magner | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Emma Waters | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Aisling Hayes | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Aoife Casey | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Emily Hegarty | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Donagh Claffey | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Martin O Grady | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Forbairt Chonairí do Lúthchleasaithe | Maoiniú comhthiomsaithe | €80,000 |
| Rámhaíocht Éireann (Para) | Jacob McCarthy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Tiarnán O Donnell | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Katie O Brien | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| **Iomlán do Rámhaíocht Éireann** | | | **€646,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Snámha na hÉireann | Daniel Wiffen | Póidiam | €40,000 |
| | Mona McSharry | Póidiam | €40,000 |
| | Ellen Walshe | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Ellie McCartney | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Danielle Hill | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Darragh Greene | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Eoin Corby | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Evan Bailey | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jake Passmore | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | John Shortt | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Nathan Wiffen | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Tom Fannon | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Charlotte (Lottie) Cullen | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Conor Ferguson | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Maoiniú Sealaíochta | Maoiniú Sealaíochta | €100,000 |
| **Iomlán do Chumann Snámha na hÉireann** | | | **€410,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann (Para) | Colin Judge | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Patrick Vaughan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| **Iomlán do Chumann Leadóg Bhoird na hÉireann** | | | **€43,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Taecuando Éireann | Ryan Doyle | Lá Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jack Woolley | Idirnáisiúnta | €25,500 |
| **Iomlán do Thaecuando Éireann** | | | **€43,500** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Trí-atlan Éireann | Hollie Elliott | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Trí-atlan Éireann (Para) | Tom Williamson | Póidiam | €40,000 |
| | Chloe McCombe | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Catherine Sands (Píolótach) | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Judith McCombe | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Eimear Nicholls (Píolótach) | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Donnacha McCarthy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Sean Husband (Píolótach) | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Ciste Treorach don mhaoiniú comhthiomsaithe | Maoiniú comhthiomsaithe | €18,000 |
| **Iomlán do Thrí-atlan Éireann** | | | **€198,000** |

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

www.sportireland.ie